## PREASEISIÚINT Uimh. 79/26

**Lucsamburg, 4 Meitheamh 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-147/24 | [Safi] [1]

# Féadfaidh máthair linbh mhionaoisigh ar saoránach den Aontas é tairbhe a bhaint as ceart cónaithe díorthaithe sa Bhallstát ina bhfuil cónaí uirthi lena mac agus dár náisiúnach an mac, fiú má tá ceart cónaithe aici cheana féin i mBallstát eile

Tá cónaí ar mháthair Mharacach san Ísiltír lena céile, a bhfuil náisiúntacht Ísiltíreach agus Mharacach aige, agus a mac mionaoiseach, a bhfuil náisiúntacht Ísiltíreach aige. Is mian leis an máthair ceart cónaithe díorthaithe a fháil san Ísiltír chun leanúint de bheith ina cónaí lena leanbh, atá ina shaoránach de chuid an Aontais. Diúltaítear dá hiarratas ar an bhforas go bhfuil ceart cónaithe aici sa Spáinn cheana féin agus go bhféadfadh a leanbh mionaoiseach dul in éineacht léi chuig an mBallstát sin. Leagann an Chúirt béim, áfach, ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar shaol teaghlaigh an linbh faoi láthair lena bheirt thuismitheoirí san Ísiltír, mar a bhfuil sé ina gcleithiúnas. Is deimhin go bhfuil baol áirithe ann go scarfar an leanbh óna athair mura bhfaigheann an t-athair an ceart cónaithe sa Spáinn. Más amhlaidh an scéal, ba cheart ceart díorthaithe cónaithe san Ísiltír a dheonú don mháthair. Ina theannta sin, ba cheart a leithéid de cheart a dheonú di freisin dá gcinnfí go mbeadh aistriú go dtí an Spáinn i gcontrárthacht le barr leasa an linbh.

Bhí cónaí agus d'oibrigh V, ar náisiúnach Mharacach í, go dleathach sa Spáinn ó 1999 go 2014. Ó phós sí in 2014, tá cónaí san Ísiltír uirthi lena céile, a rugadh ann agus a bhfuil náisiúntacht Ísiltíreach agus Mharacach araon aige. Taifeadadh a bpósadh i gclárlann shibhialta an bhardais Ísiltíreach ina bhfuil cónaí orthu. Mar sin féin, níl cead cónaithe ag V san Ísiltír. In 2015, rugadh a mac; a bhfuil náisiúntacht Ísiltíreach aige agus tugann an bheirt tuismitheoirí aire dó. Ní fhaigheann céile V aon ioncam ó fhostaíocht de bharr a staid sláinte agus, dá bhrí sin, tá sé faoi dhíolúine pháirteach ón oibleagáid oibre. Mar sin féin, faigheann sé sochair shóisialta.

In 2020, chuir V isteach ar cheart cónaithe díorthaithe san Ísiltír. In 2021, dhiúltaigh údaráis na hÍsiltíre dá hiarratas, agus an dearcadh acu go raibh ceart cónaithe aici sa Spáinn. Ina theannta sin, d'ordaigh na húdaráis sin di dul láithreach ann agus dá bhrí sin críoch na hÍsiltíre a fhágáil. Ansin, chuir V an t-ábhar faoi bhráid na cúirte sa Háig (an Ísiltír), a chinn go raibh caidreamh cleithiúnais idir V agus a leanbh mionaoiseach, saoránach den Aontas, agus a chinn an t-ábhar a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Ina breith, tugann an Chúirt le fios ar dtús, sa chás nach mbeadh ceart cónaithe san Spáinn ag V a thuilleadh, go mbeadh sé de cheangal ar údaráis na hÍsiltíre ceart cónaithe díorthaithe a dheonú di san Ísiltír, de bhua na caidrimh cleithiúnais sin. Go deimhin, dá ndiúltófaí a leithéid de cheart cónaithe do V, bheadh iallach ar a leanbh mionaoiseach, saoránach de chuid an Aontais, dul in éineacht lena mháthair agus críoch an Aontais a fhágáil. Is é a d'fhágfadh a leithéid d'imeacht ná go gceilfí tairbhe éifeachtach inneachar a chirt mar shaoránach den Aontas ar an leanbh sin.

Ina dhiaidh sin, tugann an Chúirt faoi deara, sa chás go bhfuil ceart cónaithe ag V sa Spáinn fós, nach féidir leis an gcúinse sin cosc a chur as a stuaim féin ar an bhféidearthacht go mbainfeadh V tairbhe as ceart cónaithe díorthaithe san Ísiltír. Go deimhin, dá ndiúltófaí a leithéid de cheart cónaithe do V, bheadh ar a leanbh ansin dul in éineacht lena mháthair chun na Spáinne agus an Ísiltír a fhágáil dá bhrí sin, an Ballstát cónaithe ar náisiúnach de é, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de roinnt dá chuid ceart bunúsach.

Sa chomhthéacs sin, leagann an Chúirt béim ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar shaol teaghlaigh an linbh faoi láthair lena bheirt thuismitheoirí san Ísiltír, mar a bhfuil sé ina gcleithiúnas. Go deimhin, tá fíorbhaol ann nach leanfadh an saol teaghlaigh seo ar aghaidh sa Spáinn agus go scarfaí an leanbh óna athair mura dtabharfaí ceart cónaithe ar bhonn fadtéarmach ann dá athair. Sna cúinsí seo, agus faoi réir fíorú atá le déanamh ag an gcúirt san Ísiltír, deir an Chúirt gur cheart ceart cónaithe díorthaithe sa Ísiltír a dheonú do V, ós rud é go mbainfeadh diúltú ceart den sórt sin a dheonú dó an bonn d'aontacht an teaghlaigh agus go mbainfí den leanbh sin an deis a bhí aige, ó rugadh é, caidreamh pearsanta agus teagmháil rialta a choinneáil ar bhonn rialta lena bheirt tuismitheoirí.

Ní mór don chúirt Ísiltíreach a fháil amach freisin an mbeadh aistriú éigeantach an linbh go dtí an Spáinn i gcontrárthacht le barr leasa an linbh. Mar a tharlaíonn sé, an Ollainnis, seachas an Spáinnis a labhraíonn an leanbh. Ina theannta sin, níor thosaigh sé ag caint go dtí go raibh 5 bliana d'aois slánaithe aige agus tá deacrachtaí foghraíochta agus urlabhraíochta aige, rud a d'fhág gur cuireadh oideachas speisialta ar fáil dó san Ísiltír, atá curtha in oiriúint do dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht ar leith uathu. Dá gcinnfeadh an chúirt seo go bhfuil a leithéid d'aistriú chun na Spáinne i gcontrárthacht do leas an linbh, ba cheart ceart cónaithe díorthaithe san Ísiltír a dheonú do V ar an mbonn sin chomh maith.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.